




# Tuarascáil Bhliantúil an Uachtaráin

Deireadh Fómhair 2016 go Meán Fómhair 2017





# Clár Ábhar

Réamhrá an Uachtaráin .....	2
Bua, Fionnachtain agus Bunathrú .....	3
Deiseanna Taighde den Chéad Scoth arna soláthar ag Institiúid Fraunhofer .....	5
Na Chéad Chéimeanna eile in Aistear DCU um Chomhionannas Inscne .....	7
Deiseanna Nua do DCU san Áise .....	9
DCU Chun Tosaigh maidir le hOideachas ETIM.....	11
An Chéad Ollscoil Tearmainn a Chruthú in Éirinn .....	13
Bliain Spóirt Shuntasach.....	15
Gradaim Uachtarán DCU 2017 17.....	17
Tuairisciú Airgeadais .....	18
Cruinnithe an Údaráis Rialaithe .....	20

# Réamhrá an Uachtaráin



Ba thréimhse athruithe drámatúla móra í na cúig bliana seo a chuaigh thart do DCU, d'Éirinn agus don domhan iomlán. Is institiúid an-difriúil í DCU anois i gcomparáid leis an gceann a bhí ann in 2012, ag tús an Phlean Straitéisigh dheireanaigh dár gcuid. Agus campaís nua againn, mar aon le dámh oideachais nua, próifíl dhisciplíneach leathnaithe agus fás drámatúil i líon na mac léinn dar gcuid, táimid i suíomh thar a bheith níos láidre anois chun tabhairt faoi na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le hArdoideachas sa 21ú haois agus chun ár gcáil a threisiú mar ollscoil lena mbaineann tábhacht dhomhanda.

Le plean DCU arna sheoladh le déanaí, Bua, Fionnachtain agus Bunathrú, tá an bealach ar aghaidh leagtha amach do na cúig bliana seo chugainn, agus forbairt á déanamh ar ár láidreachtaí reatha agus cuspóirí uailmhianacha nua á leagan amach.

A bhfuil le comhairliúchán leis an bhfoireann, le mic léinn, le céimithe agus le páirtithe leasmhara, tá 9 gcuspóir straitéiseacha againn anois a bheidh ina dtreoir don aistear atá romhainn. Faoi 2022, tá súil agam go mbeidh treoir tugtha aige do DCU ionas go mbeidh sí ina hollscoil atá níos inbhuanaithe agus níos nasctha a sholáthraíonn 'eispéreas bunathraitheach do mhic léinn' agus ár bpoitínseal a réadú ag an am céanna mar ionad le haghaidh taighde den chéad scoth. Is é rud amháin nach bhfuil athraithe ónár bplean straitéiseach deireanach ná misean DCU chun 'saolta agus sochaithe a bhunathrú', uailmhian atá leabaithe go dlúth i ngach rud a dhéanaimid. Sa tuarascáil seo léirítear roinnt de na bealaí a sholáthair DCU cuspóirí an mhisin sin ar feadh na 12 mhí seo a chuaigh thart.

Chonaiceamar forbairtí iontacha i dtaighde, amhail síniú an chomhaontaithe chun ionad de chuid Institiúid Fraunhofer ar a bhfuil clú domhanda a bhunú ag DCU. Tríd an tsraith tionscnamh um Mná i gCeannaireacht, ghlacamar le bearta tábhachtacha nua chun tabhairt faoi éagothroidimí inscne i measc na foirne acadúla dár gcuid. Chomhlíonamar ár n-aidhm bheith inár 'nOllscoil Dhomhanda' trí chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a chruthú san Áise agus in áiteanna eile. Agus is cúis bhróid dúinn é gur ainmníodh DCU mar an chéad Ollscoil Tearmainn in Éirinn, atá tiomanta do dheiseanna oideachasúla agus tacaíocht a sholáthar do theifigh agus d'iarthóirí tearmainn.

Agus muid ag féachaint ar aghaidh ar na cúig bliana le teacht, is féidir leat a bheith muiníneach nach ligfidh DCU a maidí le sruth agus go ndéanfaimid ár ndícheall ár gcáil a chomhlíonadh mar Ollscoil an Bhunathraithe.

Le dea-mhéin,

An tOllamh Brian Mac Craith

# Bua, Fionnachtain agus Bunathrú



Chomhordaigh grúpa díograiseach d'oibrithe deonacha na foirne Fuse

## Le Plean Straitéiseach nua DCU leagtar amach cúrsa le haghaidh na gcúig bliana le teacht.

Ba thréimhse dúshlán agus athruithe na cúig bliana seo a chuaigh thart do shochaí na hÉireann de réir mar a thagaimid amach as tréimhse déine agus as cúlú eacnamaíochta agus bealach á leagan amach againn le haghaidh athnuachana agus forbairt bhreise. D'ainneoin na ndúshlán sin, chonacthas forbairtí móra sa tréimhse sin ag DCU tríd an bpróiseas Corpraithe agus trí dhá champas acadúla nua a chur leis an ollscoil. Agus na tosca sin á gcur san áireamh, chuir DCU tús le forbairt an Phlean Straitéisigh is déanaí dá cuid agus rinne sí iarracht ár dtosaíochtaí atá ag forbairt do na cúig bliana le teacht a léiriú.

Tháinig cruth leathan an phlean as comhairliúchán dian agus nuálach le pobal na hOllscoile, eadhon DCU Fuse. Osclaíodh an seisiún tobsmaointeoireachta ar líne poiblí 24 uair an chloig sin do 17,000 mac léinn, do 1,200 ball foirne agus do 80,000 céimí de chuid na hollscoile, agus do pháirtithe leasmhara agus do bhaill an phobail freisin a raibh leas acu i leith DCU.

Tríd an bpróiseas rinneadh smaointe agus tuairimí an ghrúpa éagsúil sin a ghabháil agus a thiomsú ar fud réimsí amhail saol an mhic léinn, infhostaitheacht céimithe, éagsúlacht agus ionchuimsiú, tosaíochtaí taighde agus na deiseanna agus na bagairtí a chruthaítear ag teagmhais idirnáisiúnta amhail Brexit. Ba é an toradh deiridh ar an gcomhairliúchán Bua, Fionnachtain agus Bunathrú, plean Straitéiseach DCU 2017-2021. Sheol an tAire Oideachais & Scileanna, an tUasal Richard Bruton TD, an plean i Meán Fómhair 2016.





*Sheol an tAire Oideachais & Scileanna, an tUasal Richard Bruton TD, Bua, Fionnachtain agus Bunathrú*

## Bua, Fionnachtain agus Bunathrú 2017-2021

### Misean:

Saolta agus sochaithe a bhunathrú trí oideachas, trí thaighde, trí nuáil agus trí chomhpháirteachas.

### Fís:

Beidh DCU ina hOllscoil de Bhunathrú agus Fiontair de thábhacht dhomhanda a mbeidh clú air as na nithe a leanas:

- bua a fhorbairt
- eolas a aimsiú agus a aistriú d'fhonn an tsochaí a chur chun cinn
- a fócas ar chruthaitheacht agus ar nuáil
- teicneolaíocht a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm
- a tiomantas d'inhuanaitheacht.

## Cultúr agus Luachanna:

Cothaímid cultúr atá:

- Oscailte
- Coláisteach
- Comhoibritheach
- Dírithe ar an mac léinn
- Uaillmhianach


Táimid tiomanta do:

- Comhionannas
- Deiseanna oideachais
- Ceartas sóisialta
- Iompar eiticiúil
- Saoirse Acadúil

## Cuspóirí Straitéiseacha

1. Eispéireas bunathraitheach a sholáthar do mhic léinn
2. Ár gcáil a chur chun cinn maidir le taighde den chéad scoth
3. Ár n-uaillmhianta a chothú trí ioncam a ghiniúint
4. Ollscoil nasctha, comhleanúnach a chinntiú
5. Meas a thabhairt do phobal na foirne dár gcuid agus iad a fhorbairt
6. Ollscoil dhomhanda a fhorbairt
7. Cruthaitheacht agus cultúr a chothú ar fud na hollscoile
8. Inhuanaitheacht a chur ag croílár na hollscoile
9. Comhpháirteachas gníomhach lenár bpobail a chur chun cinn

# Deiseanna Taighde den Chéad Scoth arna soláthar ag Institiúid Fraunhofer



Ag seoladh Ionad Tionscadail Fraunhofer ag DCU: (Ar chúl, ó chlé go deas) An tOllamh Fritz Klocke, Stiúrthóir Feidhmiúcháin IPT Fraunhofer, an tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, SFI, (Chun tosaigh, ó chlé go deas) An tOllamh Brian Mac Craith, Uachtarán, DCU, an tAire Fostaíochta agus Fiontar Beag, Pat Breen TD

## Ba thréimhse dhearfach eile an bhliain seo caite do phobal taighde DCU.

Tá DCU tiomanta do thaighde den chéad scoth atá dírithe ar 'eolas a chruthú chun an tsochaí a chur chun cinn'. Ó bunaíodh an ollscoil, bhain sí leas freisin as naisc dhlútha le fiontraíocht a chuaigh chun tairbhe don dá thaobh. Is tosca tábhachtacha a bhí sna tosca sin, chomh maith le sármhaitheas ár bhfoirne taighde, a raibh bunú Ionad Tionscadail Fraunhofer clúiteach ag DCU ina thoradh orthu agus rachaidh a chuid oibre chun leasa dhírigh sláinte agus saolta daoine.

Díreoidh Ionad Tionscadail Fraunhofer do Chórais Anailíseacha Bitheolaíochta ar thaighde conartha agus comhoibritheach chun teicneolaíochtaí micri-shreabhántacha um 'shaotharlann ar shlis' a fhorbairt lena soláthrófar réitigh nua maidir le dúshláin um shláinte agus eolaíochtaí beatha.

Sheol an tAire Fostaíochta agus Fiontar Beag, Pat Breen TD, an t-ionad i mBealtaine 2017, tar éis infheistíocht €2.5 milliún ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, i gcomhpháirtíocht le hInstitiúid do Theicneolaíocht Táirgthe (IPT) clúiteach Fraunhofer de chuid Fraunhofer-Gesellschaft in Aachen, an Ghearmáin.

D'fhógair an tAire Mary Mitchell O'Connor an infheistíocht ní ba luaithe sa bhliain agus dúirt sí: "Tá lúcháir orm an chéad Ionad Tionscadail Fraunhofer a bheidh bunaithe in Éirinn a fhógairt, a mbeidh fócas láidir aige ar chomhpháirtíochtaí le tionsclaíocht a fhorbairt. Trí infheistíocht a dhéanamh sa tionscnamh tábhachtach seo agus i dtaighdeoirí den chéad scoth, tá eolas nua á ghiniúint againn a bheidh réidh le tráchtálú, agus forbairt maoine intleachtúla á spreagadh agus buntáiste iomaíoch domhanda á chruthú d'Éirinn."

Leis na córais sin cumasófar tástáil láithreach "ag pointe úsáide" ar shamplaí amhail fuil nó uisce do raon leathan feidhmeanna, lena n-áirítear cúram sláinte pearsanta, táirgeadh cógaisíochta, taighde eolaíochta beatha, tástáil cáilíochta in agraibhía agus monatóireacht an timpeallacht.

Soláthróidh an chomhpháirtíocht rochtain d'acadóirí agus do thionscail na hÉireann ar líonra institiúidí Fraunhofer, mar aon le tacaíocht dhíreach do dhá phost taighde déag ag DCU. Go sonrach, forbraíonn Ionad Tionscadail Fraunhofer taighde agus saineolas ar thaighde ar ghairis diagnóisice nuálacha, ar tugadh tacaíocht dóibh le deich mbliana de mhaoiniú ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann d'Institiúid Diagnóisice Bitheighis.

## Tús curtha ag eolaithe DCU ar thaighde idirnáisiúnta ar theiripic géinte

Chuir grúpa taighde ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath tús le hobair le comhpháirtithe RA agus SAM chun teiripic géinte nua a chruthú d'aile agus do ghalair eile.

Is é aidhm an taighde aicme uathúil de theiripic géanóim a chruthú d'fhonn díriú go héifeachtach ar chealla galracha sa choirp. Neamhchosúil le cóireálacha eile, laghdófar damáiste ionchasach ar chealla sláintiúla thart orthu leis an gcur chuige nua.

Is é an Dr Andrew Kellett atá i gceannas ar an tionscadail, agus comhghleacaí DCU an Dr Niall Barron, Stiúrthóir Institiúid Náisiúnta na Biteicneolaíochta, an tOllamh Nicholas P. Farrell (Ollscoil Chomhlathas Virginia, SAM), an tOllamh Tom Brown (Ollscoil Oxford) rannpháirteach ann mar aon le ATDBio Ltd. (UK).

Thaispeáin eolaithe gur féidir leo cealla galracha a chóireáil trí phróiseas ar a dtugtar teiripe fhrithbhríoch trí phárasá mionathraithe beaga ADN a úsáid.

## An tomhas um fhoirmiú dúpholl fíor-ollmhór sa chruinne réitithe ag eoláí DCU

Le taighde nua ag DCU d'fhéadfadh sé go ndearnadh ceann amháin de na tomhais is leanúnaí i réaltfhisic a réiteach. Chruthaigh an Dr John Regan ó Scoil na nEolaíochtaí Matamaiticiúla an fhoirmle maidir le foirmiú na gcéad dúphoil fhíor-ollmhóra sa chruinne. Foilsíodh na torthaí in irisleabhar clúiteach Réalteolaíocht Dúlra.

Le samhlacha teoiriciúla an Dr Regan, arna bhforbairt i gcomhar le comhoibrithe i SAM, sa RA agus san Fhionlainn, soláthraítear réiteach an-láidir trí radaíocht ó réaltraí in aice láimhe a úsáid mar chatalaíoch le haghaidh síolta dúpholl fíor-ollmhóra a chruthú.

Nuair a thiteann réaltaí ollmhóra isteach orthu féin cruthaítear dúphoil astu. Tá dúphoil fhíor-ollmhóra le fáil ag lár na coda is mó de réaltraí móra, agus ár réaltra féin san áireamh, Bealach na Bó Finne.

Le samhaltú an Dr Regan, ceaptar, nuair a bhíonn prótai-réaltraí gar dóibh féin, go ndéanann réimse radaíochta cumhachtach prótai-réaltra amháin an ceann eile a steiriliú, agus ar an mbealach sin cosc á chur ar a chumas réaltaí a chruthú. Fásann an réaltra steirilithe ina mhais, áfach, agus baineann sé tairseach chriticiúil amach go gasta agus lastall de sin tá cruthú dúphoil dosheachanta.

## DCU ag comhoibriú le hollscoil sa Bhrasaíl maidir le taighde nua ar pheiptídí

Chuir an Dr Dermot Walls agus beirt chéimithe Eolaíochta Anailísí as DCU le staidéar nua ar pheiptídí sintéiseacha. Bhí an taighde dá gcuid ar chumhdach eagrán Mhí na Nollag 2016 d'irisleabhar Ildisciplíneach an Chumainn Ríoga um Cheimic, RSC Soft Matter.

I gcomhar le foireann na Brasaíle ag Ollscoil Chónaidhme São Paulo, fuair siad amach gur féidir peiptídí áirithe a úsáid mar uirlisí úsáideacha le haghaidh géinte a chur isteach i gcealla. Sin an bunús le géinteiripe, rud a chiallaíonn gur féidir géinte normálta a chur isteach i gcealla atá ar iarraidh nó atá fabhtach d'fhonn neamhoird ghéineasacha a cheartú.

Chuir Shannon Lee agus Gary Cooney le cuid den obair ag DCU nuair a bhí siad ina mic léinn sa cheathrú bliain i Scoil na Biteicneolaíochta. Ba iad An Dr Dermot Walls, in éineacht le comh-údar An Dr Brendan O'Connor, a bhunaigh an comhoibriú agus iad ar chuairt ar an mBrasaíl arna maoiniú ag Taighde Éireann na Brasaíle agus ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann.



An Dr John Regan ó Scoil na nEolaíochtaí Matamaiticiúla



# Na Chéad Chéimeanna eile in Aistear DCU um Chomhionannas Inscne



*Bronnadh Duais Cré-umha Athena SWAN ar DCU as ucht a cuid oibre ar mhná a chur ar aghaidh in ETIM*

## Bronntar an Duais Cré-umha Athena SWAN chluíteach ar DCU

In 2015, sheol DCU an tsraith tionscnamh um Mná i gCeannaireacht agus chuir sí tús le haistear chun comhionannas méadaithe agus cothroime inscne a chur chun cinn i measc fhoireann DCU. Sa dá mhí déag seo caite rinneamar an-dul chun cinn d'fhonn tabhairt faoin obair thábhachtach sin, a bhfuil mar aidhm léi éagsúlacht agus ionchuimsiú níos mó a chur chun cinn ar fud phobal na hollscoile.

Ba gharspriosc thábhachtach í don ollscoil ina haistear nuair a bronnadh Duais Cré-umha Athena SWAN ar DCU. Bronntar an gradam sin atá aitheanta go hidirnáisiúnta ar institiúidí ardoideachais a chuireann tús le cláir chun comhionannas inscne a chur chun cinn do mhná in eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic (ETIM) agus a chruthaíonn athrú cultúrtha laistigh dá n-ollscoileanna.

Nuair a chuir DCU isteach ar an duais Athena SWAN ba dheis é sin don ollscoil chun dul i gcomhairle go forleathan leis

an bhfoireann, chun machnamh a dhéanamh ar an áit ina bhfuilimid maidir le comhionannas inscne, agus chun na príomhdhúshláin atá os ár gcomhair a shainaithint. Bhí plean trí bliana mar thoradh air sin, plean atá dírithe ar dhul i ngleic leis an éagothroime inscne ag gráid acadúla níos airde trí tacú le gairmeacha ban agus iad a fhorbairt laistigh den ollscoil. Faoin bplean, is é aidhm DCU a próiseas ardaithe céime a athchóiriú chun tabhairt faoin easpa ban i bpoist acadúla shinsearacha, chun tacaíochtaí a fheabhsú don fhoireann maidir le saoire mháithreachais agus chun taighde a mhaoiniú d'fhonn bonn fianaise a chruthú lena dtabharfar tús áite do thionscnaimh um cheannaireacht ban.

Tagann an plean gníomhaíochta sin leis an tionscnamh atá ann cheana um Mná i gCeannaireacht lena n-áirítear raon d'idirghabhálacha chun cumas ceannaireachta a fhorbairt agus chun tacú le foireann bhaineann dul ar aghaidh ina ngairmeacha chuig poist shinsearacha laistigh den eagraíocht.

## Tionscadal 50:50

Trí na tionscnaimh a chuirtear i bhfeidhm faoi Mhná i gCeannaireacht cuidítear le ceannairí ban an lae inniu a chur chun cinn, agus chomh maith leis sin déantar iarracht leo ceannaireacht na todhchaí a spreagadh le scéimeanna amhail Tionscadal 50:50. Is ionann an tionscnamh seo agus tiomantas DCU chun 50% de na mórfhoirgnimh dá cuid a ainmniú as mná spreagúla.

I Mí Iúil 2017, d'ainmnigh DCU sé fhoirgneamh as daoine poiblí clúiteacha, agus ainmníodh trí chinn acu as mná Éireannacha a bhí ina gceannródaithe i réimsí ríomhaireachta, criostalagrafaíochta agus réalteolaíochta.

Athainmníodh an Foirgneamh Ríomhaireachta Foirgneamh McNulty in onóir an Chonallaigh Kathleen (Kay) McNulty (1921-2006) a bhí ina ríomhchláraitheoir ríomhaireachta. Ainmníodh bloc na Mac Léinn Iarchéime ar Champas Ghlas Naíon as an réalteolaí agus réaltfhisiceoir Mary Brück (1925-2008), a rugadh mar Máire Teresa Conway i mBaile Íomhair, Co. na Mí. Ainmníodh Foirgneamh Lonsdale, ina bhfuil Scoil na nEolaíochtaí Ceimiceacha agus Biteicneolaíochta, in onóir an Bhantiarna Kathleen Lonsdale (1903-1971), an criostalagrafaí mór le rá, a rugadh i nDroichead Nua, Contae Chill Dara.

## Tionscnaimh um Mná i gCeannaireacht

- Lóna éisteachta chun fóram a sholáthar do mhná ó ar fud na hollscoile chun a dtaithe ar chultúr na hollscoile a chomhroinnt le hUachtarán na hOllscoile agus leis an Stiúrthóir AD;
- Sraith Léachtaí Mary McAleese um Mná i gCeannaireacht
- Tionscadal 50:50
- Maoiniú €50k do thaighde ar acmhainneacht um mná i gceannaireacht a mhéadú
- Oiliúint ar Chlaontacht Neamh-chomhfhisach do bhaill foirne uile a bhfuil baint acu le hearcaíocht agus le hardú céime
- Rannpháirtíocht i gClár Forbartha Ceannaireachta Aurora
- Amanna cruinnithe atá oiriúnach do theaglaigh



*D'fhreastail iníon Kathleen McNulty, Gini Mauchly Calcerano, agus an tAire Stáit um Ardoideachas, Mary Mitchell O'Connor TD, ar shearmanas ainmnithe oifigiúil Fhoirgneamh McNulty*



*Sa ghrianghraf (ó chlé go deas) an tOllamh Eithne Guilfoyle, Leas-Uachtarán Gnóthaí Acadúla/Cláraitheoir, Marian Burns, Stiúrthóir AD, Sandra Healy, Ceann Éagsúlachta agus Ionchuisitheachta*

# Deiseanna Nua do DCU san Áise



Seoladh ETN na hIndia Domhanda ag Coláiste Ailbhe

## Chuir DCU tús le roinnt comhpháirtíochtaí suntasacha nua san Áise


### Naisc na hÉireann-na hIndia

Tá an-dul chun cinn déanta ag DCU maidir le tabhairt faoi cheann amháin de na príomhchuspóirí inár bplean straitéiseach Bua, Fionnachtain agus Bunathrú, eadhon "Ollscoil dhomhanda a fhorbairt". Is í gné ríthábhachtach chun an cuspóir sin a bhaint amach comhpháirtíochtaí straitéiseacha nua a chruthú le hollscoileanna idirnáisiúnta agus réimsí taighde idirnáisiúnta a fhorbairt.

Tugtar eiseamláir le hobair Institiúid na hÉireann-na hIndia de chuid DCU maidir leis an dóigh a bhfuil naisc idirnáisiúnta nua á gcruthú ag an ollscoil lena dtacaítear le taighde tábhachtach nua.

I mBealtaine, sheol DCU tionscadal idirnáisiúnta mór go foirmiúil, is é sin Lónra Oiliúna Eorpach (ETN) um an India Dhomhanda. Tá an Institiúid i gceannas an tionscadail a bhuaigh deontas Horizon 2020 AE de €3.8 milliún i gcomhar le sé phríomh-ollscoil na hIndia, sé phríomh-ollscoil Eorpacha, agus sé chomhpháirtí neamh-acadúla ón earráil ghnó agus ón tsochaí shibhialta. Leis an tionscnamh sin déanfar iniúchadh ar theacht chun cinn na hIndia mar chumhacht réigiúnach agus dhomhanda agus ar a caidreamh leis an AE, trí chláir oiliúna dochtúireachta den chéad scoth.

Tríd an tionscnamh um an India Dhomhanda cuirfear oiliúint ar 15 mhac léinn taighde dochtúireachta a dhéanfaidh iniúchadh ar phríomhthéamaí lena n-áireofar: daonlathas na hIndia, éagothroime shóisialta, inscne agus rannpháirtíocht sa pholaitíocht, caidrimh eacnamaíoch sheachtracha agus trádáil leis an India, beartas eachtrach agus slándála agus an India agus polaitíocht dhomhanda an chomhshaoil. Glacfaidh na taighdeoirí rannpháirteacha páirt i dtréimhse shínte d'obair allamuigh bunaithe in ollscoil chomhpháirtíochta na hIndia, comhlánóidh siad intéirneacht le ceann amháin de chomhpháirtithe neamh-acadúla an lónra, freastalóidh siad ar naoi n-imeacht oiliúna an lónra agus foilseoidh siad 30 alt irisleabhair agus 60 coimre beartais maidir le téamaí an taighde.



An tOllamh Brian Mac Craith, Uachtarán DCU, ag síniú Meamram Tuisceana le hUachtarán Li as Comhpháirtíochtaí na hÁise Thoir WHU

## Comhpháirtíochtaí Oirthear na hÁise

I nDeireadh Fómhair, thug toscaireacht DCU, agus an tOllamh Brian Mac Craith i gceannas uirthi, cuairt ar an gCóiré Theas agus ar an tSín chun tionscadail chomhoibrithe leanúnacha a phlé agus chun roinnt comhaontuithe suntasacha a shíniú.

I Súl, thug DCU cuairt ar Ollscoil Hanyang (HYU) chun meamram tuisceana a shíniú d'fhonn HYU a bhunú mar chomhpháirtí straitéiseach na hollscoile i Súl. Rangaíodh HYU sa dara háit i measc ollscoileanna sa Chóiré Theas le déanaí agus oibreoidh sí le DCU ar roinnt réimsí taighde thar na blianta le teacht.

Sa tSín, bhí DCU ina cuid de thoscaireacht mhór, agus Ambasadóir na hÉireann chun na Síne, Paul Kavanagh agus Leas-Chéad-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Scileanna in Éirinn Mary Doyle, a thug cuairt ar Ollscoil

Wuhan (WHU), i gceannas uirthi. Shínigh an tOllamh Brian Mac Craith Meamram Tuisceana le hUachtarán Li as WHU d'fhonn comhoibriú leanúnach a éascú idir an dá ollscoil.

Faoi dheireadh, i Shan-ghai, rinne Ollscoil Normálta na Síne Thoir (ECNU) toscaireacht DCU a óstáil, ceann de na hollscoileanna is fearr sa tSín i réimse an oideachais, chun comhoibriú san oideachas, san eolaíocht ríomhaireachta agus san eolaíocht spóirt a phlé. Síniódh comhaontú nua um malartú mac léinn, rud lena gcuirfear deis iontach ar fáil do mhic léinn na Síne in DCU chun staidéar a dhéanamh i gceann amháin de na hinstiúidí is clúití i Shan-ghai.

Sa bhreis air sin, leanann tionscnamh DCU um Ollscoil Aois-bháúil le naisc a chruthú ar fud an domhain agus chuir sé fáilte roimh an gcéad ball ó na hÁise Thoir le déanaí. Is í Ollscoil Pai Chai na Cóiré Theas an 10ú hollscoil ardoideachais chun dul leis an líonra atá ag méadú.

# DCU chun tosaigh in oideachas ETIM



Thug POF Microsoft Satya Nadella cuairt ar Institiúid Oideachais DCU i nDeireadh Fómhair 2016

## Tá DCU chun tosaigh san fheachtas chun glacadh níos mó ábhair ETIM a spreagadh

Beidh ríthábhacht atá ag méadú ag baint le taighde agus cur i bhfeidhm maidir leis na disciplíní Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETIM), má tá Éire chun déanamh go maith i ndomhan atá ag athrú go mear ina bhfuil teicneolaíochtaí bunathraitheacha ag athrú a lán gnéithe den dóigh a mairimid.

Tá an fhírinne sin ag croílár fhorbairt DCU mar ionad barr feabhais le haghaidh oideachas ETIM a fhorbairt agus a chur chun cinn. Trí raon tionscnamh, tá DCU ar thús cadhnaíochta san fheachtas chun glacadh níos mó ábhair ETIM agus rannpháirtíocht níos mó iontu a spreagadh ag céimeanna uile an oideachais.

### Tuarascáil ar Oideachas ETIM

Bhí an tOllamh Brian Mac Craith chun tosaigh maidir le hoideachas ETIM a chur chun cinn ar leibhéal na hollscoile agus ar leibhéal náisiúnta le blianta fada.

I Samhain, sheol an tAire Oideachais agus Scileanna, Richard Bruton TD, Tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Oideachas

ETIM (STEMERG) a raibh an tOllamh Mac Craith i gceannas air agus áiríodh leis saineolaithe in oideachas ETIM chomh maith le daoine ón tionsclaíocht i gcuideachtaí atá chun tosaigh ar leibhéal domhanda amhail Intel agus IBM.

Sa tuarascáil sonraíodh méid na ndeiseanna eacnamaíocha agus poist d'Éirinn atá spleách ar oideachas ETIM ardchaighdeáin, agus sonraítear léi freisin go bhfuil athrú ó bhonn de dhíth maidir leis an oideachas sin a sholáthar má táimid le bheith iomaíoch ar leibhéal idirnáisiúnta.

Thug POF Microsoft, Satya Nadella, an teachtaireacht chéanna le linn dó cuairt a thabhairt ar Institiúid Oideachais DCU i nDeireadh Fómhair seo caite. Le linn comhrá cois teallaigh leis an Ollamh Deirdre Butler, labhair an tUasal Nadella faoin gcéad ghlúin eile de mhúinteoirí a spreagadh chun páirt a ghlacadh i dteicneolaíochtaí foghlama nua agus iad a ghlacadh chucu féin.

Labhair sé freisin faoi na scileanna agus na buanna arr cheart dár n-oideoirí a bheith eolach fúthu d'fhonn ár ndaoine óga a ullmhú do dhomhan atá á athrú ag teicneolaíocht. "Beidh a lán post sa todhchaí i dteicneolaíochtaí digiteacha. Tá inniúlacht ar riomhairí tábhachtach do pháistí," arsa an tUasal Nadella.

## Stiúideo Nuála Lego Education

Ba é an buaicphointe i bhforbairt Oideachas ETIM DCU i mbliana oscailt Stiúideo Nuála Lego Education (LEIS). D'oscail Jesper Just Jensen, ceann nuála Lego Education, an stiúideo go hoifigiúil. Is mol foghlama idirghníomhaí LEIS lena gcuidítear le múinteoirí DCU faoi oiliúint agus le scoileanna na hÉireann cineálacha chur chuige nuálacha agus cruthaitheacha a fhorbairt maidir le hábhair ETIM a theagasc sa seomra ranga.

Fógraíodh clár imeachtaí bliantúla ar fud an chontanaim oideachais (bunoideachas, iar-bhunoideachas, trío leibhéal agus oideachas aosach), ag tosú leis na chéad chomórtais i Sraith Shóisearach LEGO i gcúigí Mumhan agus Laighean, arna ndearadh chun réamheolas a thabhairt faoi choincheapa ETIM do pháistí 6 bliana go 10 mbliana d'aois agus iad á spreagadh trí bhranda ar a bhfuil aithne agus gean acu - LEGO. Cuireadh campaí samhraidh ar fáil tríd an Stiúideo do raon de ghrúpaí agus baill Bhanóglai na hÉireann agus scoláirí as scoileanna DEIS Bhaile Átha Cliath ina measc.

## Oideachas ETIM á 'Róbatú' ag Mic léinn

Tá mic léinn DCU iad féin ar thús cadhnaíochta maidir le hOideachas ETIM. Chuaigh Adam Dalton agus Evan Darcy i bpáirt le buaiteoir chomórtas Eolaithe Óga BT, Shane Curran, chun táirge nua a chruthú d'fhonn páistí a theagasc conas códú a dhéanamh ar dhóigh spráúil agus nuálach. Is sraith uirlisí DIY 'Robotify Alpha' atá deartha chun páistí ocht mbliana d'aois agus níos sine a theagasc faoi conas a oibríonn braiteoirí achair, móitair agus micri-rialtóirí mar aon leis na bunrudaí a bhaineann le cód a scríobh. Tá staidéar á dhéanamh ag Adam ar Staidéir Ghnó agus tá staidéar á dhéanamh ag Evan ar Innealtóireacht - tá meantóirí dáimhe DCU ag tacú leo in éineacht le DCU Alpha, Campas Nuála DCU.



An-spraoi ag páistí scoile ag seoladh Stiúideo Nuála Lego Education



An Fhoireann Robotify: Mic léinn DCU Adam Dalton agus Evan Darcy, agus buaiteoir chomórtas Eolaithe Óga Shane Curran - Oideachas ETIM á 'Róbatú' ag Mic léinn



Rinne DCU comhdháil GIREP-ICPE-EPEC 2017 a óstáil, a bhí dírithe ar na saincheisteanna agus na dúshláin atá os comhair theagasc agus fhoghlaim na fisice. Sa ghrianghraf: An tOllamh Brian Mac Craith, Uachtarán DCU; an tOllamh Paul Van Kampen, Ollamh Comhlach & taighdeoir, CASTel ag DCU; an tOllamh Kevin McGuigan, Stiúrthóir an Ghrúpa Taighde um Dhíghaltrú Gréine RCSI; an tOllamh Eilish McLoughlin, Stiúrthóir CASTel, Scoil na nEolaíochtaí Fisiceacha, DCU.

# An Chéad Ollscoil Tearmainn a Chruthú in Éirinn



An Coiste Stiúrtha um Ollscoil Tearmainn Chun tosaigh (ó chlé go deas) Fidaa Marouf, an Dr Gillian Wylie, Thandi Sibiya; Ar chúil (ó chlé go deas) Julie Daniel, an Dr Veronica Crosbie, Tian Yu Lloyd, an Dr Shadi Karazi, Donnah Vuma.


## Cuireann an Ollscoil béim ar a tiomantas do cheartas sóisialta.

De réir tuarascála ó Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe in 2017, tá an leibhéal is airde de dhíláithriú domhanda a taifeadadh riamh le feiceáil anois, agus tá líon measta de 65.6m duine ruaigthe óna mbailte. Is dídeanaithe iad 22.5m den líon sin agus tá níos mó ná leath den líon sin faoi 18 mbliana d'aois.

Mar ollscoil, tá DCU tiomanta do luachanna combhionannais, ionchuimsitheachta agus deiseanna oideachais. Leis na luachanna sin cuirtear taca faoi raon tionscnamh DCU lena dtaispeántar ár dtiomantas d'fháilte a chur roimh lucht iarrtha tearmainn agus roimh dhídeanaithe i bpobal na hollscoile agus do chultúr na ionchuimsitheachta a chothú do chách. Mar thoradh air sin ainmníodh DCU mar an chéad Ollscoil Tearmainn in Éirinn i mí na Nollag 2016.

Bhronn Cathair an Tearmainn an t-ainmniúchán, eagraíocht a thacaíonn le hiarrachtaí sa RA agus in Éirinn chun cultúr na fáilte a chruthú do dhaoine ar lorg tearmainn.

I measc raon na dtionscnamh, dhearbhaigh DCU go gcuirfeadh 15 scoláireacht acadúla ar fáil, ar leibhéal fochéime nó iarchéime, d'iartrasóirí atá in Éirinn faoi láthair mar iarrthóirí tearmainn nó mar dhídeanaithe. Mar chuid den Ollscoil Tearmainn, bhunaigh DCU MELLIE freisin, an Clár Béarla, Litearthachta agus Oideachais Idirchultúrtha d'Imircigh.



Seisiún oiliúna d'oibrithe deonacha a bhfuil fonn orthu páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí na hOllscoile Tearmainn

## I measc chlár tionscnamh DCU do 2017 bhí na nithe seo a leanas:

- Club Leabhar Mhaigh Mhuirí DCU - Soláthraítear leabhair do dhaoine atá ina gcónaí i soláthar díreach i Maigh Mhuirí.
- Tionscnamh Spás Teanga-Cultúir - teagascann mic léinn DCU Béarla bunleibhéil d'iarrthóirí tearmainn agus do dhéanaithe.
- An chéad Léacht um Ollscoil Tearmainn.
- Tionscadail thaighde ag dul i ngleic le príomhshaincheistanna amháil imeascadh imirceach.
- Bunú Coiste Stiúrtha na hOllscoile Tearmainn, atá comhdhéanta de mhic léinn agus de bhaill foirne.

Is treoirthionscadal seach-churaclaim nuálach MELLIE atá deartha chun malartú teanga agus cultúir a éascú idir mic léinn agus foireann DCU, agus iarrthóirí tearmainn as Ionad Soláthair Dhírigh Mhaigh Muirí, Co. na Mí.

Tá sé réamh-mheasta, trí theagmháil chomhpháirteach, go bhfeabhsóidh imircigh a gcuid Béarla, go bhfaighidh siad tuiscint níos fearr ar chultúr na hÉireann, agus go bhféadfaidís cairdeas nua a dhéanamh. Do chomhghleacaithe DCU, is seans é sin chun aithne a chur ar iarrthóirí tearmainn go pearsanta agus ar an mbealach sin giota a fhoghlaim faoina saol agus faoina n-eispéiris i Soláthar Díreach anseo in Éirinn, agus chun eolas agus scileanna idirchultúrtha a fhorbairt.



MELLIE, an Clár Imirceach Béarla, Litearthacht agus Oideachas Idirchultúrtha



# Gradaim Uachtarán DCU 2017

## Ghradaim an Uachtaráin as Barr feabhais i dTeagasc

### **Buaiteoir Foriomlán:**

An tOllamh Patrick Flood, Scoil Ghnó DCU, ar tugadh a stíl teagaisc éachtach, a shannacháin nuálacha agus a chuid aiseolais do mhic léinn chun suntais mar aon leis an ardmheas atá air ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

### **An Chatagóir um Thacaíocht do Theagasc:**

Patrick Wogan, Scoil na nEolaíochtaí Fisiceacha.

### **Duais Foirne:**

Foireann Tionscadail an Údaráis Spóirt Ghinearálta - an Dr Artemisa Jaramillo, an tUasal Caroline McGroary, an tUasal Rhea George, an tUasal Mary Finnegan, an Dr Michele Lundy, an tUasal Ieva Masevic, an tUasal Justina Setkute, an tUasal Raja Clouse, an Dr Ann Largey, an Dr Audrey Nicholls, an Dr Anne Morrissey.

### **Cineálacha Cur Chuige Sainiúla i leith an Teagaisc:**

An Dr John Buckley, Scoil na Diagachta, na Fealsúnachta agus an Cheoil.

### **Cineálacha Cur Chuige Sainiúla i leith Measúnaithe & Aiseolais:**


An Dr Dónal Mulligan, Scoil na Cumarsáide.

### **Nuáil Shainiúil sa Teagasc:**

Charlie Daly, Scoil na Ríomhaireachta.

### **Léachtóir/Teagascóir Nua:**

Orna Farrell, Oideachas Oscailte.



Faighteoirí Ghradaim an Uachtaráin as Barr Feabhais i dTeagasc sa Helix



Fuair an tOllamh John Costello agus an tOllamh Maura Conway Gradaim an Uachtaráin as Taighde

## Gradaim an Uachtaráin as Taighde

Bronnadh an gradam as Eolaíocht agus Innealtóireacht ar an Ollamh John Costello, Scoil na nEolaíochtaí Fisiceacha. Tá obair cheannródaíoch ar leibhéal domhanda déanta ag John sna réimsí a bhaineann le fisic adamhach, mhóilíneach, optúil agus léasair bhunúsach, mar aon le teicneolaíochtaí candaim, agus barr feabhais acadúil den chéad scoth, agus comhpháirteachas domhanda ar an leibhéal is airde taispeánta aige.

Bronnadh an gradam as Daonnachtaí agus Eolaíochtaí Sóisialta ar an Ollamh Maura Conway, an Scoil Dlí agus Rialtais. Tá obair den chéad scoth déanta ag Maura sa réimse a bhaineann le taighde ar chibear-sceimhlitheoireacht agus tá sí ar duine de na húdarais is fearr ar domhan maidir le hantoisceachas polaitiúil foréigineach ar líne.

Bronnadh Gradam an Uachtaráin don Fhoireann Taighde ar an Dr Louise Hopper, an Scoil Altranais agus Eolaíochtaí Daonna. Le taighde an Dr Hopper déantar imscrúdú ar fhreagairtí cuiditheacha maidir le daoine a bhfuil néaltrú acu. Tá taighde déanta aici ar an ábhar thar a bheith tábhachtach sin ó thaobh na teicneolaíochta cuidithí de agus chomh maith leis sin ó thaobh na gcóras sláinte agus na rochtana ar chúram de.



Leas-Uachtarán DCU, an tOllamh Daire Keogh le buaiteoirí Ghradam an Uachtaráin as Comhpháirteachas

## Gradaim an Uachtaráin as Comhpháirteachas

### **Gradaim an Uachtaráin as Comhpháirteachas (Foireann):**

An Dr Veronica Crosbie, as a cuid oibre ar chlár forochtana Ollscoil Tearmainn DCU.

### **Gradam Fiúntais Speisialta:**

An Dr Eilish McLoughlin, as a ceannaireacht in oideachas Eolaíochta agus as comhpháirteachas poiblí.

### **Gradaim an Uachtaráin as Comhpháirteachas (Mac Léinn):**

Cumann Léirithe Meán DCU, as an craolachán 24 uair a chloig dá chuid ar son na carthanachta.

### **Gradam Fiúntais Speisialta (Mac Léinn):**

Helen Concannon, as a cuid oibre mar Ard-Choimisinéir Bhanóglaiigh na hÉireann.

### **Gradam Speisialta, Comhpháirteachas le Fiontraíocht:**

An Dr Brian Corcoran et al as Dúshlán Cumhachta Glaise Siemens.

## Gradaim an Uachtaráin as Nuáil

### **Catagóir Acadúil agus Taighde:**

An Dr Owen Clarkin, Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla & Déantúsaíochta, as EnduraGel a fhorbairt, réiteach íosionrach le haghaidh ainéaraís inchinne a chóireáil. Nuair a dhéantar é a instealladh san áit atá buailte, cruachan an glóthán, ag druidim an ainéaraís agus cosc á chur ar iontráil fola agus ar leathadh leanúnach.

### **Catagóir na Mac Léinn:**

Adam Dalton (BA Staidéir Ghnó) agus Evan Darcy (B. Eng) as Robotify a fhorbairt, sraith uirlisí róbataice DIY atá dírithe ar thuismitheoirí ar mian leo réamheolas a thabhairt dá bpáistí ar réimse an chóidithe, agus ar mhúinteoirí a bhfuil spéis acu i gcúrsa cóidithe a réachtáil. D'oibrigh Adam agus Evan ar an tionscadal in éineacht le buaiteoir Eolaithe Óga BT, Shane Curran.

### **Catagóir na Foirne Riaracháin & Tacaíochta:**

Robbie Sinnott, Tacaíocht do Thaighde agus do Nuáil, as an Líonra Bonneagair Thaighde a fhorbairt, lena soláthraítear córas áirithinte ar líne agus rochtain ar bhonneagar DCU do thaighdeoirí, laistigh agus lasmuigh den Ollscoil, agus do chomhoibrithe i dtionscail

# Bliain Spóirt Shuntasach

Ba bhliain eile as an ngnáth í don Spórt ag DCU., go háirithe maidir le CLG agus Lúthchleasaíocht.

## CLG

Bhí ról láidir ag DCU ag buaic shéasúr 2016-2017 an CLG. I gCluiche Ceannais Sinsearach na bhFear, bhí painéal Bhaile Átha Cliath a bhuaigh Craobh na hÉireann ag brath ar 14 imreoir a bhí ina gcéimithe, nó ina mic léinn reatha DCU, agus 7 gcéimí ar fhoireann Mhaigh Eo. Ghlac céimí Stephen Cluxton Corn Sam Maguire don dara huair i ndiaidh a chéile ar son fhoireann Bhaile Átha Cliath.

Bhí ionadaíocht láidir as DCU i gCluiche Ceannais Iománaíochta na hÉireann. Ar fhoireann bhuaiteach na Gaillimhe, bhí Pádraig Breheny agus Brian Flaherty, an bheirt acu ina gcéimithe DCU. Bhí mic léinn reatha DCU, Patrick Curran agus Peter Hogan, ar fhoireann Phort Láirge.

I gCluichí Ceannais Pheil na mBan TG4, bhí triúr céimithe DCU ar fhoireann Mhaigh Eo, Fiona McHale, Aisling Tarpey, Niamh Kelly agus mac léinn reatha Sarah Rowe ina measc. Bhí naisc láidre ag a gcéilí comhraic, Baile Átha Cliath, le DCU, tríd an fhoireann bhainistíochta de Mick Bohan, Ken Robinson agus Niamh McEvoy. Sa bhreis air sin, bhí 11 imreoirí ina gcéimithe nó ina mic léinn reatha: Leah Caffrey, Emer Ní Eafa, Lauren Magee, Laura McGinley agus céimithe Siobhan Woods, Deirdre Murphy, Fiona Hudson, Sinead Finnegan, Lynsey Davey, Sinead O'Mahony agus Kate Fitzgibbon.

Ar leibhéal idir-ollscoile bhí rath ann freisin, agus bhuaigh Dóchas Éireann DCU ar Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain chun Corn Giles a bhuanach.



Bhí céimithe DCU Stephen Cluxton agus Cillian O'Connor ina gcaptaein ar na foirne faoi seach dá gcuid i cluiche ceannais Sinsearach na hÉireann, Baile Átha Cliath i gcoinne Mhaigh Eo.



Foireann Lúthchleasaíochta DCU



Foireann DCU i gCluichí Domhanda na Mac Léinn

## Rath do Lúthchleasaíocht DCU – Bonn Cré-umha Eorpach do Fitzsimons

I Mí Iúil bhuaigh John Fitzsimons bonn cré-umha san 800m ag Craobh Sóisearach na hEorpa in Grosseto, san Iodáil. Tháinig Elizabeth Morland sa 5ú háit sa heaptatlan ag Craobh Sóisearach na hEorpa agus curiarracht Shinsearach Náisiúnta nua aici de 5801.

Ag Craobh Pharailimpeach Domhanda an CPI i Londain, rith Greta Streimikyte sáriarracht shéasúrach de 4.47.54 nóiméad, ag cailliúint bonn cré-umha sa 1500m T12/T13 faoi níos lú ná 2 shoicind - éacht shármhaith nuair a smaoiníonn tú gur chaill Greta na míonna Feabhra, Márta agus Aibreán mar gheall ar bhriseadh struis.

Ag an gCraobh Raoin agus Faiche Náisiúnta i Seantrabh - bhuaigh lúthchleasaithe DCU (iar-chéimithe agus céimithe reatha) 30 bonn dá gclubanna baile i gcomórtais éagsúla.

In Aibreán, choinnigh Lúthchleasaíocht DCU na teidil foirne fhoriomlána uile ag craobh Raoin agus Faiche Iasmuigh IUAA 2017 arna hóstáil ag CIT. Le linn dóibh na teidil sin a choinneáil, bhain siad sé churiarracht club DCU amach chomh maith le dhá churiarracht IUAA nua!

Ba chúis bhróid é do DCU tacú le hochtar mac léinn a roghnaíodh chun dul in iomaíocht ag 29ú Cluichí Domhanda na Mac Léinn in Taipei, Téaváin ón 19ú go dtí an 30ú Lúnasa 2017. Ghlac na mic léinn sin páirt ar son DCU agus na hÉireann agus iad ag dul in iomaíocht le mic léinn ó gach cearn den domhain.

# Tinreamh an Údaráis Rialaithe

Formáid Ráiteas Maoinithe HEA

## CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2017

	2017	2016
	Euro	Euro
	'000	'000
<b>IONCAM</b>		
Deontais Stáit	42,658	23,686
Táillí ó Mhic Léinn	86,113	65,883
Ioncam Eile	6,946	7,745
	<u>135,717</u>	<u>97,314</u>
Coláiste Phádraig, Droim Conrach	-	13,422
Institiúid Oideachais Mater Dei	-	1,881
Deontais Taighde agus Tionscadail	53,488	49,478
	<u>53,488</u>	<u>64,781</u>
Ioncam Iomlán	<u>189,205</u>	<u>162,095</u>
<b>CAITEACHAS</b>		
Saoráidí agus Ranna Acadúla	73,138	54,444
Seirbhísí Acadúla agus Seirbhísí Eile	7,565	5,911
Áitribh	10,627	7,054
An Méid atá Leithdháilte Chun Críocho Caipitil	9,344	5,482
Riarachán Lárnach agus Seirbhísí	15,453	11,125
Caiteachas Oideachais Ginearálta	893	792
Seirbhísí na Mac Léinn	7,206	5,566
Caiteachas Ilchineálach	11,483	6,933
	<u>135,709</u>	<u>97,307</u>
Coláiste Phádraig, Droim Conrach	-	13,422
Institiúid Oideachais Mater Dei	-	1,881
Deontais Taighde agus Tionscadail	53,488	49,478
	<u>53,488</u>	<u>64,781</u>
Caiteachas Iomlán	<u>189,197</u>	<u>162,088</u>
Barrachas ar Ghníomhaíochtaí roimh Amúchadh na gCúlchistí Caipitil agus Deontas agus Dímhéas ar Shócmhainní Seasta	8	7
Dímhéas ar Shócmhainní Seasta	(11,501)	(8,554)
Gluaiseacht um Chúlchiste Ginearálta	11,501	8,554
Barrachas don bhliain	<u>8</u>	<u>7</u>

## AN CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2017

	2017	2016
	Euro	Euro
	'000	'000
<b>SÓCMHAINNÍ SEASTA</b>	<u>353,423</u>	<u>278,192</u>
<b>INFHEISTÍOCHTAÍ</b>	<u>1</u>	<u>1</u>
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA</b>		
Airgead tirim ar láimh agus sa bhanc	60,287	3,042
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	62,176	69,111
Stoic	<u>257</u>	<u>217</u>
	<u>122,720</u>	<u>72,370</u>
Lúide: DLITEANAIS REATHA		
Creidiúnaithe agus Caiteachas Fabhraithe	<u>136,840</u>	<u>108,912</u>
<b>GLANDLITEANAIS REATHA</b>	<u>(14,120)</u>	<u>(36,542)</u>
<b>DLITEANAIS FHADTÉARMACHA</b>		
Creidiúnaithe dlite tar éis bliain amháin	<u>23,836</u>	<u>76</u>
	<u>315,468</u>	<u>241,575</u>
<b>ARNA LÉIRIÚ LE:</b>		
Cúlchiste Ginearálta	315,109	241,224
Cúlchiste Ioncaim	<u>359</u>	<u>351</u>
	<u>315,468</u>	<u>241,575</u>

Ní chuimsíonn Tuarascáil Airgeadais na hOllscoile torthaí agus glansócmhainní na ngnóthas fochuideachta.

Faoi rialacha cuntasafóchta, léiríonn na torthaí a cuireadh i láthair sa bhliain airgeadais 2016/17 i dTuarascáil Airgeadais na hOllscoile cuimsiú iomlán na nInstitiúidí Corpraithe.

# Cruinnithe an Údaráis Rialaithe

Tháinig Údarás Rialaithe DCU le chéile sé huaire in 2016/2017 ar na dátaí a leanas:

- 28 Deireadh Fómhair 2016
- 9 Nollaig 2016
- 9 Feabhra 2017
- 27 Aibreán 2017
- 22 Meitheamh 2017
- 7 Meán Fómhair 2017

Seo a leanas an taifead tinrimh maidir le gach comhalta den Údarás:

Tinreamh Bhaill an Údaráis	Taifead	Ceapachán Dáta	Éirí As Dáta
1. An Dr Martin McAleese (Seansailéir)	6/6	29ú Iúil 2011	n/a
2. An tOllamh Brian Mac Craith (Uachtarán ex-officio)	6/6	n/a	n/a
3. An tOllamh Eithne Guilfoyle (ex-officio)	5/6	n/a	n/a
4. An Dr Declan Raftery (ex-officio)	5/6	n/a	n/a
5. An tUasal Brid Horan (Leas-Cathaoirleach an Údaráis Rialaithe agus Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta)	5/6	18 Meán Fómhair 2014	n/a
6. An tOllamh Dorothy Kenny	5/6	28 Deireadh Fómhair 2016	n/a
7. An tOllamh Gary Murphy	4/6	08 Meán Fómhair 2011	n/a
8. An Dr Caroline McMullan	4/6	08 Meán Fómhair 2011	n/a
9. An Dr Noel Murphy	5/6	08 Meán Fómhair 2011	n/a
10. An Dr Jean-Paul Mosnier	5/6	28 Deireadh Fómhair 2016	n/a
11. An tUasal Michael Burke	5/5	09 Nollaig 2016	n/a
12. An tUasal Orla Nic Aodha	5/5	09 Nollaig 2016	n/a
13. An tUasal Dylan Kehoe	2/4	22 Meán Fómhair 2016	22 Meitheamh 2017
14. An tUasal James Donoghue	2/4	10 Meán Fómhair 2015	22 Meitheamh 2017
15. An tUasal Sharon McCooey	3/6	28 Deireadh Fómhair 2016	n/a
16. An tUasal Declan Wallace	3/5	09 Nollaig 2016	n/a
17. An tUasal Rachel Hussey	4/4	09 Feabhra 2017	n/a
18. An tUasal John Power	6/6	23 Deireadh Fómhair 2014	n/a
19. An tUasal Bernie Gray (Cathaoirleach an Choiste Riosca)	5/6	22 Meán Fómhair 2016	n/a
20. An tUasal Pat Gilroy	5/6	22 Meán Fómhair 2016	n/a
21. An tUasal Terence O'Rourke (Cathaoirleach an Choiste Chomhairligh um Airgeadas Straitéiseach)	4/6	17 Deireadh Fómhair 2013	n/a
22. An tUasal Lynette Fay	3/6	12 Feabhra 2015	n/a
23. An tUasal James Corcoran	4/6	08 Meán Fómhair 2011	n/a
24. An tUasal Deirdre O'Connor	5/6	22 Meán Fómhair 2016	n/a
25. An tUasal Allan Stevenson	5/6	22 Meán Fómhair 2016	n/a
26. An Dr Mary Shine Thompson	4/4	9 Feabhra 2017	n/a
27. An tUasal Larry Quinn	1/2	22 Meán Fómhair 2016	09 Nollaig 2016
28. An tUasal Niall Behan	2/2	22 Meitheamh 2017	n/a
29. An tUasal Siobhan Nic Thaidhg	2/2	22 Meitheamh 2017	n/a



